2026/2346

26.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2346 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Deireadh Fómhair 2026

lena gcuirtear allmhairí sileacain de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. AN TÁIRGE ATÁ FAOI RÉIR A CHLÁRAITHE

(1) Is é an táirge atá faoi réir a chláraithe ('an táirge lena mbaineann') sileacan, eilimint cheimiceach neamh-mhiotalach ag a bhfuil an tsiombail 'Si' agus uimhir adamhach 14, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

(2) Aicmítear an táirge faoi láthair faoi chód AC 2804 69 00 (sileacan ina bhfuil níos lú ná 99,99 % de shileacan de réir meáchain). Is ar mhaithe le faisnéis amháin a thugtar an cód AC seo agus gan dochar d'aon athrú a dhéanfaí ar an aicmiú taraife ina dhiaidh sin.

2. BEARTA ATÁ I BHFEIDHM AGUS AN IARRAIDH AR A N-ATHBHREITHNIÚ

(3) Is é atá sa bheart atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil leis an táirge lena mbaineann dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1394 ón gCoimisiún ([2]) ar allmhairí sileacain de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí sileacain arna gcur chun bealaigh ó Phoblacht na Cóiré agus ón Téaváin a chumhdach.

(4) An 1 Meán Fómhair 2026, d'fhógair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún'), trí fhógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]), gur tionscnaíodh athbhreithniú eatramhach faoi Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2016/1036 ar bhearta frithdhumpála is infheidhme maidir le allmhairí sileacain isteach san Aontas de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

(5) Tionscnaíodh na himeachtaí seo tar éis iarraidh a chuir Euroalliages ('an t-iarratasóir') isteach an 8 Iúil 2026 thar ceann táirgeoirí a bhfuil 100 % de thionscal an Aontais acu. San iarraidh, chuir an t-iarratasóir fianaise leordhóthanach ar fáil, mar gheall ar athruithe ar imthosca de chineál marthanach, nach ndéanann na bearta ar na leibhéil atá ann cheana éifeachtaí na dumpála díobhálaí a fhritháireamh a thuilleadh mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/1394.

3. CLÁRÚ

(6) Bhí faisnéis leordhóthanach san iarraidh ar imscrúdú athbhreithnithe eatramhaigh a thionscnamh nach ndéantar, mar thoradh ar athrú ar imthosca de chineál marthanach, éifeachtaí na dumpála díobhálaí a suíodh roimhe seo a fhritháireamh a thuilleadh le forchur leanúnach na mbeart ar na leibhéil atá ann cheana. Go sonrach, d'áitigh an t-iarratasóir, mar gheall ar na ró-acmhainneachtaí a carnadh, go raibh méadú mór tagtha ar allmhairí ón tSín ó thaobh méideanna agus sciar den mhargadh de, ar leibhéil praghsanna díobhálacha, rud a dhéanann díobháil ábhartha do thionscal an Aontais.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/2016/1036/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1394 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sileacain de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí sileacain arna gcur chun bealaigh ó Phoblacht na Cóiré agus ón Téaváin a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh Phoblacht na Cóiré nó na Téaváine iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 211, 12.8.2022, lch. 86, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1394/oj).

([3]) IO C, C/2026/4547, 1.9.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/4547/oj.

(7) I bhfianaise na n-imthosca thuas, ós rud é gur chuir an t-iarratasóir fianaise leordhóthanach ar fáil nach ndéanann na bearta, mar gheall ar athruithe ar imthosca de chineál marthanach, ar na leibhéil atá ann cheana éifeachtaí na dumpála díobhálaí mar a suíodh roimhe seo a fhritháireamh a thuilleadh, mar aon leis an riosca go dtiocfaidh méaduithe breise ar allmhairí tar éis thionscnamh an athbhreithnithe eatramhaigh, chinn an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe ar a thionscnamh féin faoi Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036. Is é is cuspóir don chlárú sonraí atá mionsonraithe go leor a bhailiú maidir le hallmhairí a dhéantar tar éis na tréimhse imscrúdúcháin d'fhonn eolas leordhóthanach a thabhairt faoin ngníomhaíocht is gá chun éifeachtacht na mbeart arna bhforchur le Rialachán (AE) 2022/1394 a athbhunú.

(8) I láthair na huaire, ní mheasann an Coimisiún gurb iomchuí meastachán ar an méid dliteanais a bheidh ann amach anseo a chur ar fáil.

4. **PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA**

(9) Aon sonraí pearsanta a bhaileofar i gcomhthéacs an chlárúcháin seo, déanfar iad a láimhseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim, faoi Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036, na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun allmhairí sileacain, eilimint cheimiceach neamh-mhiotalach ag a bhfuil an tsiombail 'Si' agus an uimhir adamhach 14, atá aicmithe faoi láthair faoi chód AC 2804 69 00 (sileacan ina bhfuil níos lú ná 99,99 % de shileacan de réir meáchain), agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, isteach san Aontas a chlárú.

2. Rachaidh an clárú in éag 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/2018/1725/oj).